# Ceacht a hAon Déag — Ag Déanamh Rudaí — Abairtí
# Lesson Eleven — Doing Things — Phrases

| Gaeilge | Béarla |
|---|---|
| 1. Cad atá tú **ag déanamh**? | What are you **doing**? |
| 2. Tá mé **ag ithe**. | I'm **eating**. |
| 3. Cad a bhí tú **ag déanamh**? | What were you **doing**? |
| 4. Bhí mé **ag léamh**. | I was **reading**. |
| 5. Ní raibh mé **ag déanamh** rud ar bith. | I wasn't **doing** anything. |

| | |
|---|---|
| 6. An bhfuil tú **ag léamh**? | Are you **reading**? |
| 7. Tá. Tá mé **ag léamh.** | Yes. I am **reading**. |
| 8. Níl. Níl mé **ag léamh**. | No. I'm not **reading**. |
| 9. An raibh tú **ag léamh**? | Were you **reading**? |
| 10. Bhí. Bhí mé **ag léamh**. | Yes. I was **reading**. |
| 11. Ní raibh. Ní raibh mé **ag léamh**. | No. I wasn't **reading**. |

| | |
|---|---|
| 12. Léigh mé litir aréir. | I read a letter last night. |
| 13. Bhí mé **ag léamh** litreach aréir. | I was **reading** a letter last night. |
| 14. Léigh mé an litir aréir. | I read the letter last night. |
| 15. Bhí mé **ag léamh** na litreach aréir. | I was **reading** the letter last night. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 16. ag ithe | eating | 27. ag teacht | coming |
| 17. ag ól | drinking | 28. ag dul | going |
| 18. ag cócaireacht | cooking | 29. ag imeacht | leaving |
| 19. ag léamh | reading | 30. ag siúl | walking |
| 20. ag scríobh | writing | 31. ag rith | running |
| 21. ag foghlaim | learning | 32. ag snámh | swimming |
| 22. ag caint | talking | 33. ag damhsa | dancing |
| 23. ag gáire | laughing | 34. ag rince | dancing |
| 24. ag canadh | singing | 35. ag imirt | playing (game) |
| 25. ag seinm | playing (music) | 36. ag obair | working |
| 26. ag troid | fighting | 37. ag siopadóireacht | shopping |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 38. anois | now | 41. inné | yesterday |
| 39. inniu | today | 42. aréir | last night |
| 40. maidin inniu | this morning | 43. maidin inné | yesterday morning |

**Ceacht a hAon Déag** **Ag Déanamh Rudaí** **Comhráite**
**Lesson Eleven** **Doing Things** **Conversations**

| Comhrá 1 | Conversation 1 |
|---|---|
| C: Dia duit, a Phádraigín. | Hi Patricia. |
| P: Dia 's Muire duit, a Cháit. | Hi, Kate. |
| C: Cén chaoi a bhfuil tú? | How are you? |
| P: Tá tuirse orm. | I'm tired. |
| C: Cad a bhí tú **ag déanamh** inniu? | What were you **doing** today? |
| P: Bhí mé **ag damhsa**. | I was **dancing**. |

| Comhrá 2 | Conversation 2 |
|---|---|
| T: Cad a bhí tú **ag déanamh** aréir? | What were you **doing** last night? |
| S: Bhí mé **ag léamh** leabhair. | I was **reading** a book. |
| T: Cén leabhar a bhí tú **ag léamh**? | Which book were you **reading**? |
| S: Bhí mé **ag léamh** "An Béal Bocht". | I was **reading** "The Poor Mouth". |
| T: Bhí mé féin **ag scríobh** litreach aréir, ach léigh mé an leabhar sin anuraidh. | I myself was **writing** a letter last night, but I read that book last year. |

| Comhrá 3 | Conversation 3 |
|---|---|
| A: Cá bhfuil na páistí anois? | Where are the children now? |
| B: Bhí siad **ag imirt** peile sa pháirc. | They were **playing** football in the park. |
| A: An bhfuil siad **ag imirt** go fóill? | Are they still **playing**? |
| B: Níl. Tá siad **ag troid** anois. | No. They're **fighting** now. |
| A: Féach! Tá Seáinín bocht **ag caoineadh**. | Look! Poor Johnny's **crying**. |
| B: Agus tá na buachaillí eile **ag rith** abhaile. | And the other boys are **running** home. |

**Dán** **Poem** (le Síle Ní Rabhartaí)

| **An Oíche** | **The Night** |
|---|---|
| Chonaic mé an oíche **ag teacht** anuas | I saw the night **coming** down |
| Mar chóta mór dubh ar an tuath | Like a large black coat on the countryside |
| Chuala mé na páistí **ag dul** a luí, | I heard the children **going** to sleep, |
| Le torann agus brón sa seomra istigh | With noise and sorrow in the room inside |
| D'fhág mé an madra **ag tafann** amuigh | I left the dog **barking** outside |
| Go brónach san oíche **ag caoineadh** sa ghaoth. | Sadly in the night, **crying** in the wind. |